WCC Tional Leaflet 29/6/06 12:06 pm Page 1

CÚLRA AN TIONÓIL

BACKGROUND TO THE EVENT

Seo í an cheathrú bhliain do Chomhairle Contae Phort Láirge an Tionól a reachtáil - ócáid bhliantúil í seo a deineann ceiliúradh poiblí ar chultúr, ar oidhreacht agus ar theanga Ghaelach Chontae Phort Láirge. Díríonn an Tionól ar théama difriúil gach bliain. Táimid ag obair i gcomhar le Coiste Éigse Shliabh gCua i mbliana chun cultúr Ghaelach na nDéise a cheiliúradh.

NA hAOICHAINTEOIRÍ

CATHERINE FOLEY, IRISH TIMES

Is iriseoir agus scríobhneoir í Catherine Foley. Rugadh i gCathair Phort Láirge í agus tógadh í i nGaeltacht na Rinne. Tá dhá úrscéilín Ghaeilge scríofa aici d'fhoghlaimeoirí fásta a bhuaigh duaiseanna i bhFéiltí an Oireachtais - An Cailín Rua agus Sorcha sa Ghailearaí. Bíonn Catherine le cloisint go rialta ar chlár raidió RTÉ, Sunday Miscellany. Tá gearrscéalta agus dánta dá cuid foilsithe i nGaeilge agus i mBéarla. Mar iriseoir leis an Irish Times, scríobhann sí mar gheall ar ócáidí cultúrtha agus ealaíne don cholún On the Town. Ceapadh le déanaí í mar scríbhneoir chónaithe ar feadh gearrthréimhse sa Centre Culturel Irlandais i bPáras na Fraince.

DR STIOFÁN Ó CADHLA

Is léachtóir an Dr Stiofán Ó Cadhla in Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus cónaí air i gCnoc Mhaitiú sa Leathanach Mór lena bhean, a mhac agus a bheirt iníonacha. Rugadh i Rinn Ó gCuanach agus tógadh ansan agus i gcathair Chorcaí é. Is breá leis oiread ama agus is féidir a chaitheamh 'ina thig beag aerach' i mBaile na nGall sa Rinn. Tá suim mhór aige i mbéaloideas na nDéise agus ailt scríofa aige, as Béarla agus as Gaeilge, ar an ábhar seo i dteannta ábhair eile. Beidh leabhar nua Béarla Civilizing Ireland: Ordnance Survey 1824-42: Ethnography, Cartography, Translation ón Irish Academic Press an fómhar seo chughainn. Foilseoidh Cló Iar-Chonnachta leabhar Gaeilge ar bhéaloideas na hÉireann sa bhliain 2007.

PÁDRAIG TYERS

I mBaile Uí Loimín a rugadh Pádraig. Chaith sé blianta a óige i dTuar an Fhíona agus chuaigh sé ar scoil go Coláiste Chnoic Mhealearaí. Ceimí de Choláiste na hOllscoile Chorcaí is ea é. Thug sé ceithre bliana ag múineadh i Mealearaí, agus blianta ina dhiaidh san ag obair le Gael-Linn. Ó 1965 nó gur chuaigh sé ar scor is é a bhí i bhfeighil na Gaeilge Labhartha i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh. Údar morán leabhar, ina measc "Sliabh gCua m'Óige".

AN DR. PÁDRAIG Ó CEARBHAILL

Rugadh agus tógadh Pádraig in iarthar Luimnigh. Taighdeoir sinsireach logainmneacha is ea é sa Bhrainse Logainmneacha, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Tá staidéar ar leith déanta aige ar logainmneacha Co. Thiobraid Árann agus tá toradh na hoibre sin le feiscint sa leabhar Liostaí Logainmneacha: Contae Thiobraid Árann. Tá eagrán dá thráchtas Ph.D. faoi Cill agus Cluain i logainmneacha an chontae chéanna á réiteach aige le foilsiú. Suim ar leith aige san amhránaíocht traidisiúnta, go mór mhór in amhránaíocht na nDéise. Ba é a scríobh na nótaí a ghabhann leis an dlúthdhiosca Labhrás Ó Cadhla: Amhráin ó Shliabh gCua (RTÉ 2000, 2005). Thaifid sé fiche amhrán de chuid Uilliam English i gcomhair an leabhair Canfar an Dán le hÚna Nic Éinrí. Tá dlúthdhiosca aonair dá chuid amhrán, dar teideal Amhráin na Séad, curtha ar fáil i mbliana.

AN TOLLAMH PÁDRAIG Ó MACHÁIN

As Lios Mór Mochuda ó dhúchas. Ollamh i Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Údar scata leabhar agus altanna ar ghnéithe éagsúla de stair na Gaeilge agus stair na hÉireann. Bunaitheoir agus comh-eagarthóir ar 'An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise', a bhfoilseofar an deichiú huimhir di i mbliana.

WCC Tional Leaflet 29/6/06 12:06 pm Page 2

CLÁR AN TIONÓIL - Programme of Events

DÉ HAOINE, 8Ú MEÁN FÓMHAIR

7.30i.n. **Aifreann Lá Fhéile Mhuire, An Cnoc Buí.**
Aifreann faoin spéir i Reilg cháiliúil an Chnoic Bhuí (leath slí idir Cluain Meala agus Dún Garbhán)

Oifigí Cathartha Chomhairle Contae Phort Láirge, Dún Garbhán:

8.00i.n. **Clárú/Registration**

8.30i.n. **Oscailt Oifigiúil an Tionóil**
le
Catherine Foley
Iriseoir, Irish Times
"Tionchar, Draíocht agus Rinceoirí Shliabh gCua"
Seoladh Oifigiúil Duanta Aneas (Eagarthóir: Gearóid Denvir) le Ann Mulqueen

9.15i.n. **Pádraig Tyers**
"Sliabh gCua m'Óige"

10.00i.n. **Fáiltiú**
Ceol & Sólaistí

DÉ SATHAIRN, 9Ú MEÁN FÓMHAIR

Halla Pobail Thuar an Fhíona

9.30r.n. **An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill, Brainse na Logainmneacha**
"Sárfhear ó Scairt na Draighní: Labhrás Ó Cadhla & a chuid Amhrán"

10.45r.n. **Briseadh Tae & Caifé**

11.00r.n. **An Dr. Stiofán Ó Cadhla, An Roinn Béaloideasa, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
"Pádraig Ó Mileadha: Seanchas Fileata agus Filíocht an tSeanchais"

12.00i.n. **Ceardlann Filíochta leis an Dr. Gréagóir Ó Dúill, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge**
nó
Ceardlann Amhránaíochta le Ciarán Ó Gealbháin & a chairde
(Fáilte roimh óg agus aosta)

1.00i.n. **Briseadh Lóin i Halla Pobail Thuar an Fhíona**

2.00i.n. **An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Insititúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath:**
"Litríocht Ghaelach na nDéise sa 19ú haois"

DÉ SATHAIRN, 9Ú MEÁN FÓMHAIR

3.00-5.30i.n. **Turas Stairiúil thart timpeall ar Lárcheantar Shliabh gCua**

8.00 i.n. **Coirmcheoil in Halla Pobail Thuar an Fhíona**
Ceoltóirí & Amhránaithe ó chian is ó chóngar. Concert in Halla Pobail Thuar an Fhíona.

**** Beidh taispeántais maidir le ceantar Shliabh gCua ar siúl in Halla Thuar an Fhíona i rith an lae ar an Satharn.***

DÉ DOMHNAIGH, 11Ú MEÁN FÓMHAIR

11.00r.n. **Aifreann i Séipéal Thuar an Fhíona**
le Cór Thuar an Fhíona
Á craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta

12.00 i.n. **Clabhsúr - Halla Pobail Shliabh gCua**
Cupán Tae srl..

Chun clárú nó chun breis eolais a fháil glaoigh ar: Máire Seosaimhín Breathnach ag (058) 20884.
For registration or further information please phone: Máire Seosaimhín Breathnach at (058) 20884.